Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní

An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil

2025

Arna ullmhú ag an Roinn Aeráide,
Fuinnimh agus Comhshaoil
gov.ie/DCEE

Clár Ábhair

Clár Ábhair i

1 Réamhrá 1

1.1 Tábla forbhreathnaithe 2

2 Achoimre ar Phróifíl na Roinne 3

2.1 Achoimre ar na Fostaithe 3

2.2 Ionadaíocht inscne i líon na ndaoine sa ghrád 4

3 Sonraí ar an mBearna Phá idir na hInscní 5

3.1 Meánrátaí pá agus rátaí pá airmheánacha in aghaidh na huaire do na fostaithe uile 5

3.2 Meánrátaí pá agus rátaí pá airmheánacha in aghaidh na huaire do na fostaithe páirtaimseartha 5

3.3 Meánbhearna phá agus bearna phá airmheánach i dtéarmaí fostaithe sealadacha 6

3.4 An mheánbhearna pá agus bearna phá airmeánach i dtéarmaí íocaíochtaí bónais agus sochair chomhchineáil 6

3.5 An cion d'fhostaithe fireanna agus baineanna de réir bandaí pá ceathairíle 6

4 Iniúchadh ar Bhearna Phá idir na hInscní RAFC 7

4.1 Impleachtaí maidir le hAistriú Feidhmeanna 8

4.2 Comórtas Inmheánach do Phríomhoifigeach 11

5 Aghaidh a thabhairt ar an mBearna Phá idir na hInscní 11

5.1 Ár nGníomhaíochtaí in 2025 11

5.1.1 Grúpaí Acmhainní Fostaithe agus Líonra Ban RAFC 11

5.1.2 Acmhainní Daonna Straitéiseacha 12

5.1.3 Rannpháirtíocht na mBan i dTionscnaimh Forbartha Daoine 13

5.1.3.1 Rannpháirtíocht na mban i gcláir oiliúna 13

6 Aguisíní 15

6.1 Tábla forbhreathnaithe ar ionadaíocht inscne i ngráid riaracháin agus PTP 15

6.2 Tábla forbhreathnaithe Gníomhartha Inscne 2025-2026 16
7 Rialú Doiciméad 19

1 Réamhrá

Is é cuspóir an doiciméid seo tuairisc a thabhairt ar an mbearna phá idir na hinscní sa Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC) don bhliain 2025 mar a cheanglaítear leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021. Forordaítear leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021 na méadrachtaí intuairiscithe maidir leis an mbearna phá idir na hinscní. Agus meánphá in aghaidh na huaire á ríomh d'fhir agus do mhná, ba cheart uaireanta rialta agus uaireanta ragoibre a áireamh sa tuarascáil, mar aon le haon liúntais phá nó bónais. Is féidir na tuarascálacha uile a fháil ar shuíomh gréasáin RAFC - Tuarascálacha ar an mBearna Phá idir na hInscní - an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.

Tá RAFC tiomanta fós don bhearna phá idir na hinscní sa Roinn a dhíchur agus leanfaimid lenár gcuid oibre chun cur leis na gníomhartha a tugadh isteach idir 2022 agus 2025 chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna phá idir na hinscní in RAFC. Tá faisnéis sa tuarascáil seo faoi na bearta atá á gcur chun cinn chun comhionannas inscne agus ionadaíocht na mban i ngráid ardbhainistíochta a fheabhsú. Is cuid dhílis de Ag Obair Le Chéile, ár bpróiseas straitéiseach corparáideach, an tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní agus is cumasóir ríthábhachtach í dár Luachanna (Ag Obair le Chéile, Tionchar a Bheith Agat, Ardchaighdeáin a Sheachadadh) agus dár Ráiteas Straitéise (Le Chéile 25).

Soláthraíodh sonraí na Roinne ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) agus tógadh iad ar an "dáta léargais", an 20 Meitheamh 2025, a chlúdaigh an tréimhse 12 mhí roimhe sin. Ar an dáta léargais bhí 653 duine ar phárolla na Roinne; 321 bean agus 332 fear. Bhí fostaithe na Roinne dáilte thar naoi ngrád teicniúil riaracháin agus gairmiúla sa státseirbhís agus breis agus caoga scála pá. I gcomhréir leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, níl sa tuarascáil seo ach na hinscní fireanna agus baineanna.

Ní féidir linn conclúidí soiléire a bhaint maidir leis an méid tionchair a bhí ag gnéithe éagsúla ar ionadaíocht na mban ar fud na ngrád uile sa Roinn, amhail fad seirbhíse, leas a bhaint as scéimeanna a thacaíonn le teaghlaigh nó saoire chosanta, agus obair pháirtaimseartha.

Tá an Roinn sásta le treocht na sonraí maidir leis an mbearna phá, agus tá laghdú beagnach 10% ann ó 2022 go dtí an tuarascáil is déanaí seo. Tá feabhas suntasach le feiceáil freisin sa tréimhse chéanna agus méadú os cionn 13% tagtha ar ionadaíocht na mban sa cheathairíl uachtarach den luach saothair. Tá tuilleadh oibre le déanamh fós chun treochtaí feabhsaithe a threisiú agus chun leanúint de ghníomhartha a fhorbairt chun an bhearna phá idir na hinscní sa Roinn a dhíchur.

1.1 Tábla forbhreathnaithe

Forbhreathnú ar an mBearna Phá idir na hInscní	2022	2023	2024	2025
1. Meánbhearna phá idir na hinscní in aghaidh na huaire (Fostaithe Uile)	12.1%	10.3%	7.01%	2.33%
2. Meánbhearna phá idir na hinscní in aghaidh na huaire (Fostaithe Páirtaimseartha)	5.54%	-5.60%	5.96%	- 5.25%
3. Meánbhearna phá idir na hinscní in aghaidh na huaire (Oibrithe Sealadacha)	n/b	n/b	- 2.07%	n/b
4. Bearna phá airmheánach idir na hinscní in aghaidh na huaire (Fostaithe Uile)	16%	10.30%	6.84%	-1.34%
5. Bearna phá airmheánach idir na hinscní in aghaidh na huaire (Fostaithe Páirtaimseartha)	12.65%	5.5%	17.03%	2.83%
6. Bearna phá airmheánach idir na hinscní in aghaidh na huaire (Oibrithe Sealadacha)	n/b	n/b	15.6%	n/b
7. Meánbhearna bónais idir na hinscní	n/b	n/b	n/b	n/b
8. Bearna airmheánach bónais idir na hinscní	n/b	n/b	n/b	n/b
9. % a fhaigheann Bónas	n/b	n/b	n/b	n/b
10. % atá ag fáil Sochar Comhchineáil	n/b	n/b	n/b	n/b
11. Céatadán na bhfostaithe sa cheathairíl luach saothair íseal	Mná 50.85% Fir 49.2%	Mná 49.3%	Mná 47.7% Fir 52.3%	Mná 52.44%

		Fir 50.7%		Fir 47.56%
12. Céatadán na bhfostaithe sa cheathairíl luach saothair mheániseal	Mná 59.80% Fir 40.20%	Mná 56% Fir 44%	Mná 52.6% Fir 47.4%	Mná 45.40% Fir 54.60%
13. Céatadán na bhfostaithe sa cheathairíl luach saothair mheánuachtarach	Mná 52.80% Fir 47.2%	Mná 49% Fir 51%	Mná 44.57% Fir 55.43%	Mná 50.31% Fir 49.69%
14. Céatadán na bhfostaithe sa cheathairíl luach saothair uachtarach	Mná 35% Fir 65%	Mná 38% Fir 62%	Mná 41.95% Fir 58.0%	Mná 48.17% Fir 51.83%

2 Achoimre ar Phróifíl na Roinne

2.1 Achoimre ar na Fostaithe

Tráth an dáta léargais (an 20 Meitheamh 2025) bhí 653 fostaí ar phárolla na Roinne; ba mhná 49% díobh agus b'fhir 51% díobh. Ba é 44 bliain d'aois meánaois fhostaithe RAFC.

Léaráid: Miondealú inscne in RAFC (an 20 Meitheamh 2025)



Female	Mná

Male	Fir

Tábla Forbhreathnaithe ar ionadaíocht inscne i measc fostaithe lánaimseartha agus páirtaimseartha RAFC (an 20 Meitheamh 2025)

Líon na bhfostaithe	Fostaithe lánaimseartha	Fostaithe páirtaimseartha[1]	Fostaithe uile
Fir	318	14	332
Mná	281	40	321
Iomlán	**599**	**54**	**653**

2.2 Ionadaíocht inscne i líon na ndaoine sa ghrád

Léiríonn an tábla thíos céatadán ionadaíochta inscne fhostaithe na Roinne de réir líon na ndaoine sa grád, amhail an dáta léargais, an 20 Meitheamh 2025. Sa Roinn, tá gráid Ghairmiúla Theicniúla (PTP) ionadaithe trasna gráid riaracháin choibhéiseacha PO, AP, HEO, agus AO. Chun forbhreathnú a fháil ar ionadaíocht inscne i ngráid riaracháin agus PTP, féach Aguisín 6.1.

Tábla Ionadaíocht inscne de réir gráid (an 20 Meitheamh 2025)

	SEC	ASEC	PO	AP	AO	HEO	EO	CO	SVO	Iomlán
Fir	0	5	29	95	72	52	56	20	3	332
Mná	1	2	22	102	56	45	59	33	1	321
Iomlán	**1**	**7**	**51**	**197**	**128**	**97**	**115**	**53**	**4**	**653**

[1] Measadh gur fostaithe páirtaimseartha iad fostaithe a raibh a gCoibhéis Lánaimseartha (FTE) faoi bhun 1 ar an dáta léargais. Ciallaíonn sé sin gur cuireadh san áireamh postroinnteoirí agus fostaithe a bhain leas as saoire thuismitheoireachta, saoire do thuismitheoirí, saoire chúramóra agus saoire mháithreachais gan phá.

3 Sonraí ar an mBearna Phá idir na hInscní

Baineann na bearta a chuirtear i láthair sa cháipéis seo le difríochtaí i sonraí comhiomlánaithe d'fhir agus do mhná ar fud na Roinne, mar a fuarthas ar an dáta léargais, an 20 Meitheamh 2025, a chlúdaíonn an tréimhse 12 mhí roimhe sin.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go léiríonn an tacar sonraí a úsáideadh don tuarascáil seo bliain amháin de shonraí agus go bhfuil sonraí ann faoi fhostaithe a chuaigh isteach san eagraíocht nó a d'fhág í timpeall an dáta léargais. Sna cásanna sin, ní léiríonn an ríomh bliantúil a gcúinsí iarbhír, agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar na méadrachtaí foriomlána a chuirtear i láthair.

3.1 Meánrátaí pá agus rátaí pá airmheánacha in aghaidh na huaire do na fostaithe uile

Tagraíonn an ***meánráta*** do mheán tacair luachanna, i.e. suim na luachanna roinnte ar líon na luachanna. Tagraíonn an ***ráta airmheánach*** do lárphointe tacair luachanna nuair a chuirtear in ord iad ón gceann is lú go dtí an ceann is mó.

Bearna Phá idir na hInscní	2022	2023	2024	2025
Meán	12.10%	10.3%	7.01%	**2.33%**
Airmheánach	16%	10.3%	6.84%	**-1.34%**

3.2 Meánrátaí pá agus rátaí pá airmheánacha in aghaidh na huaire do na fostaithe páirtaimseartha

Is é is cúis leis an mbearna phá mhalartaithe d'fhostaithe páirtaimseartha ná an ionadaíocht bheag fir sa chohórt.

Bearna Phá idir na hInscní	2022	2023	2024	2025
Meán	7.37%	-5.6%	5.96%	**-5.25%**

Airmheánach	12.65%	5.5%	17.03%	**2.83%**

Is 4% de na fostaithe sa tuarascáil seo iad postroinnteoirí, agus is mná iad 76% de na fostaithe a bhaineann leas as postroinnt, ach is mná iad 49% de lucht saothair foriomlán RAFC. Is é -15.91% an bhearna phá idir na hinscní i dtéarmaí meánrátaí in aghaidh na huaire d'fhostaithe a bhaineann leas as socruithe postroinnte agus is é -4.49% atá ann i dtéarmaí rátaí airmheánacha in aghaidh na huaire.

3.3 Meánbhearna phá agus bearna phá airmheánach i dtéarmaí fostaithe sealadacha

De ghnáth, ní bhíonn conarthaí sealadacha infheidhme ach maidir le gráid Oifigigh Chléireachais agus Oifigigh Feidhmiúcháin. In 2025 ní raibh ach 3 oifigeach shealadacha den inscne chéanna ann. Mar thoradh air sin, níor ghin NSSO tuarascáil ar leithligh.

Bearna Phá idir na hInscní	2024	2025
Meán	-2.07%	**N/B**
Airmheánach	15.6%	**N/B**

3.4 An mheánbhearna pá agus bearna phá airmeánach i dtéarmaí íocaíochtaí bónais agus sochair chomhchineáil

Ní bhaineann tuarascálacha ar mheán agus ar airmheán na n-íocaíochtaí bónais ná na sochar comhchineáil le fostaithe a bhí ag obair sa Roinn in 2025 agus níl siad san áireamh sa tuarascáil seo.

3.5 An cion d'fhostaithe fireanna agus baineanna de réir bandaí pá ceathairíle

Chun léargas níos mine a fháil ar na difríochtaí pá idir fir agus mná, déantar na fostaithe uile a shórtáil de réir a mbanda pá agus ansin iad a roinnt ina gceathairíleanna – i.e. bheadh leibhéal pá ar leith faoina mbeadh 25% de na fostaithe uile sa chéad cheathairíl nó sa cheathairíl "íseal", agus bheadh an grúpa pá os cionn sin ach faoi bhun an leibhéil

airmheánaigh (50%) sa dara ceathairíl (an cheathairíl mheáníseal) agus mar sin de. Léirítear rannpháirtíocht choibhneasta na bhfear agus na mban i ngach ceann de na ceathaíleanna sa tábla agus sna píchairteacha thíos.

Léaráid: Cion na bhfear agus na mban i ngach ceathairíl phá (%)



Female	Mná
Male	Fir
Lower Quartile	Ceathairíl Íseal
Lower Middle Quartile	Ceathairíl Mheáníseal
Upper Middle Quartile	Ceathairíl Mheánuachtarach
Upper Quartile	Ceathairíl Uachtarach

Tábla forbhreathnaithe ar fhostaithe fireanna agus baineanna de réir bandaí pá ceathairíle

	Líon		Céatadáin	
	Fir	Mná	Fir	Mná
Ceathairíl Íseal	78	86	47.56%	52.44%
Ceathairíl mheáníseal	89	74	54.60%	45.40%
Ceathairíl mheánuachtarach	81	82	49.69%	50.31%
Ceathairíl Uachtarach	84	79	51.53%	48.47%

4 Iniúchadh ar Bhearna Phá idir na hInscní RAFC

Tá an bhearna phá fhoriomlán idir na hinscní sa Roinn laghdaithe go seasta ó thuarascáil 2022 ó 12.1% go 7.01%, 6.84%, agus anois 2.33%, faoi seach. Is féidir an laghdú ar an

mbearna phá idir na hinscní a mhíniú leis an méadú ar líon na mban sna ceathairíleanna pá uachtaracha. In 2022, bhí an chothromaíocht inscne sa cheathairíl uachtarach 65% fir agus 25% mná. In 2023, laghdaíodh é sin beagán go 62% d'fhir. Faoi 2024, bhí an líon sin laghdaithe go 58% d'fhir agus 42% de mhná, agus 51.53% d'fhir agus 48.47% de mhná in 2025.

Ceann de na príomhchúiseanna taobh thiar de laghdú na Bearna Phá idir na hInscní ó 2024 go 2025 is ea an t-athrú déimeagrafach sa Roinn a eascraíonn as Aistriú Feidhmeanna na Rannán Cumarsáide agus an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála ón RAFC go dtí an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, agus an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.

Cé nach raibh smacht ag an Roinn ar an aistriú feidhmeanna, léiríonn na sonraí go mbíonn tionchar dearfach ag athruithe ar ionadaíocht sna ceathairíleanna Meánuachtaracha agus Uachtaracha ar an mBearna Phá idir na hInscní.

4.1 Impleachtaí maidir le hAistriú Feidhmeanna

Aistríodh an rannán Cumarsáide mar aon le foireann bheag Cibearbheartais chuig an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, agus aistríodh an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC) mar aon leis na baill eile den fhoireann Cibearbheartais chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.

Agus tuarascáil 2024 á cur i gcomparáid le sonraí 2025, tá laghdú 6% tagtha ar líon na bhfear sa cheathairíl Mheánuachtarach agus sa cheathairíl Uachtarach agus tá méadú comhfhreagrach 6% tagtha ar chion na mban sa dá cheathairíl ar fud na Roinne.

I gcodarsnacht leis sin, feictear méaduithe beaga ar ionadaíocht na mban de réir gráid ag gráid PO agus AP ó 2024 go 2025, agus duine amháin agus cúigear fostaithe iontu, faoi seach. Tá an t-athrú comhfhreagrach ar ionadaíocht fir de réir gráid i bhfad níos airde, agus ceithre fhostaí déag níos lú ag grád PO agus fiche fostaí níos lú ag grád AP ó 2024 go 2025. Is féidir na hathruithe sin a chur i leith chomhdhéanamh chohórt na Cumarsáide agus an NCSC go príomha.

Mar aon leis na hathruithe sin, laghdaíodh ionadaíocht na bhfear ar an mBord Bainistíochta faoi bheirt fhostaí a d'aistrigh lena bhfeidhmeanna faoi seach.

Léiríonn na sonraí gur phríomhspreagthóir é aistriú feidhmeanna maidir le figiúr na Bearna Phá idir na hInscní.

Tugtar sna táblaí thíos miondealú ar an bhfoireann a raibh tionchar ag aistriú feidhmeanna ón Roinn go dtí an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, faoi seach, orthu.

Miondealú inscne an Rannáin Cumarsáide (an 20 Meitheamh 2025)



Female	Mná
Male	Fir

Bandaí tuarastail cumarsáide (an 20 Meitheamh 2025)

Bandaí tuarastail	Mná	Fir
€20,000 go €59,999	19	15
€60,000 go €69,999	9	8
€70,000 go €79,999	3	2
€80,000 go €89,999	9	6
€90,000 go €99,999	5	3
€100,000 go €109,999	0	4
€110,000 go €119,999	0	3
€120,000 go €129,999	0	4
>€140,000	0	1

Cé go raibh scoilt beagnach neodrach idir fir agus mná i measc na bhfostaithe sa rannán Cumarsáide, bhí níos mó fir ná mná ann faoi 12 in aghaidh 0 sna ceithre bhanda tuarastail is airde.

Miondealú Inscne an Rannáin NCSC (an 20 Meitheamh 2025)



Female	Mná
Male	Fir

Bandaí tuarastail NCSC (an 20 Meitheamh 2025)

Bandaí tuarastail	Mná	Fir
€20,000 go €59,999	3	9
€60,000 go €69,999	0	3
€70,000 go €79,999	1	14
€80,000 go €89,999	8	17
€90,000 go €99,999	1	5
€100,000 go €109,999	3	4
€110,000 go €119,999	2	6
€120,000 go €129,999	1	4
>€140,000	0	2

Bhí an miondealú inscne i gcohórt NCSC níos suntasaí agus fir ab ea breis is 75% de na fostaithe.

Bhí níos mó fear ná mná i ngach banda tuarastail. Tá tionchar breise ar shonraí NCSC toisc gur sna ceathairíleanna Meánuachtaracha agus Uachtaracha a bhí fostaithe is coitianta ag fostaithe Ginearálta agus Gairmiúla/Teicniúla san NCSC.

4.2 Comórtas Inmheánach do Phríomhoifigeach

Bhí 118 Príomhoifigeach Cúnta, 58% mná agus 42% fir, san iomlán sa Roinn incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas PO Inmheánach a fógraíodh i mí na Samhna 2024. I measc na ndaoine a rinne iarratas, ba mhná iad 45% agus b'fhir iad 55%. Bhí 38% de na hiarrthóirí rathúla ina mná agus 62% ina bhfir, rud a léiríonn ráta ratha beagán níos airde i measc na bhfear.

Is é príomhsprioc na Roinne an bhearna phá idir na hinscní sa Roinn a dhíchur faoi 2030 agus chun é sin a dhéanamh, ní mór aghaidh a thabhairt ar roinnt fospriocanna ríthábhachtacha. Áirítear leis sin cothromaíocht inscne a bhaint amach laistigh de ghráid bhainistíochta shinsearacha, chomh maith le rannpháirtíocht na mban i ndeiseanna ardaithe céime inmheánacha a mhéadú.

5 Aghaidh a thabhairt ar an mBearna Phá idir na hInscní

Tá an Roinn tiomanta fós a chinntiú go bhfuil éagsúlacht agus ionchuimsiú mar chuid dár gcleachtais oibre laethúla. Leanaimid de thimpeallacht oibre thacúil a chur chun cinn go gníomhach ina gcaitear go cothrom, le dínit, le meas agus le tuiscint le gach fostaí agus ina dtacaítear go hiomlán lena sláinte agus lena bhfolláine. Is gné dhílis é sin dár Ráiteas Straitéise (Le Chéile 25) ina leagtar amach ár misean chun beartais agus cláir a sheachadadh i gcomhar chun daoine, pobail agus gnólachtaí a chumhachtú chun leanúint den aistriú chuig caighdeán maireachtála níos fearr don ghlúin atá ann anois agus atá le teacht. Aithnímid gur spreagthóirí tábhachtacha iad cur chun cinn an chomhionannais, na héagsúlachta agus an ionchuimsithe i gclaochlú na Roinne agus táimid tiomanta don bhearna phá idir na hinscní in RAFC a dhíchur.

5.1 Ár nGníomhaíochtaí in 2025

5.1.1 Grúpaí Acmhainní Fostaithe agus Líonra Ban RAFC

Tá ceithre Ghrúpa Acmhainní Fostaithe (ERGanna) ag RAFC le haghaidh baint, rannpháirtíocht agus dul chun cinn na foirne i dtaca leis an Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Is iad na ERGanna sin

Líonra Ban RAFC, Pride@DCEE (Líonra LADTA+), Seaimpíní Meanapáis RAFC agus Cainéal Gutha Foirne CÉI.

Tacaíonn Foireann CÉI, Acmhainní Daonna Straitéiseacha agus an Lucht Bainistíochta leis na ERGanna sin chun imeachtaí agus tionscnaimh a reáchtáil sa Roinn.

In 2025, ghlac Líonra Ban RAFC páirt i dTaispeántas CÉI, rinneadh ionadaíocht orthu ag Comhairle Cheannaireachta CÉI, reáchtáil siad imeacht Lá Fhéile Bríde maidir le cur chun cinn a dhéanamh ort féin san obair agus ar líne, agus reáchtáil siad sraith imeachtaí chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh, lena n-áirítear Plé Painéil ar bhacainní ar dhul chun cinn agus caint ar shláinte na mban. I measc imeachtaí eile in 2025 bhí seimineár gréasáin ar chomhionannas inscne agus CÉI, agus imeacht comhpháirteach le ERGanna RAFC chun seachtain na “Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe” a cheiliúradh sa Roinn lenar díríodh ar sprioc an chomhionannais inscne.

Cuireann Seaimpíní Meanapáis RAFC faisnéis agus tacaíocht ar fáil do chomhghleacaithe maidir leis an meanapáis san ionad oibre agus chuir siad imeachtaí Sheirbhís Cúnaimh d’Fhostaithe na Státseirbhíse chun cinn le maidineacha caife “cóisire féachana” inar féidir le comhghleacaithe teacht le chéile chun foghlaim faoin meanapás san ionad oibre.

Tá Líonra Ban RAFC ag bailiú sonraí faoi láthair maidir le taithí na foirne ar chomhroinnt oibre in RAFC chun eolas a chur ar fáil do sheisiúin eolais amach anseo leis an Rannóg Acmhainní Daonna Straitéiseacha ar Phostroinnt agus Cúram agus Saoire agus Tacaíochtaí a Thacaíonn le Teaghlaigh in RAFC.

Is é tionchar obair Líonra Ban RAFC, Seaimpíní Meanapáis, Cainéal Gutha Foirne CÉI agus líonra Pride@DCEE ná feabhas a chur ar thaithí na foirne agus ar ionchuimsiú foriomlán san ionad oibre, agus ábhair bheartais comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe a chur chun cinn laistigh den Roinn. Tá meon na foirne in 2025 an-dearfach i ndáil le RAFC a bheith ina láthair oibre cothrom agus ionchuimsitheach.

5.1.2 Acmhainní Daonna Straitéiseacha

In 2025, bunaíodh Comhairle Cheannaireachta CÉI agus Urraitheoir CÉI an Bhoird Bainistíochta mar chathaoirleach. Áirítear leis an mballraíocht ionadaithe ó Fhoirne Corparáideacha agus Fhoirne Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, Grúpaí Acmhainní Fostaithe agus baill foirne. Tá freagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna a bhfostaithe, a gcustaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a ndéanann a mbeartais agus a bpleananna difear dóibh a chosaint (Alt 42 (1) agus (2) den tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an

Duine agus Comhionannas, 2014). Tá Grúpa Oibre bunaithe le hionadaithe corparáideacha agus rannáin agus dírítear ar ár gcéad Mheasúnú agus Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí a fhoilsiú i gcomhréir le Ráiteas Straitéise na Roinne.

Reáchtáladh suirbhé CÉI in 2025 freisin chun cabhrú linn tuiscint níos fearr a fháil ar chomhdhéanamh ár roinne, treochtaí i ngannionadaíocht a aithint, agus gníomh bríoch a threorú. Chomh maith leis sin, chuir Acmhainní Daonna Straitéiseach Clár CÉI i bhfeidhm de mhodúil oiliúna agus seimineáir ghréasáin CÉI. Áiríodh orthu sin bunghnéithe CMCÉIR (Cothroime, Meas, Comhionannas, Éagsúlacht, Ionchuimsiú agus Rannpháirtíocht) agus ríomhfhoghlaim agus ceardlanna maidir le claontacht neamh-chomhfhiosach, agus sraith seimineár gréasáin faoi fheasacht ar mhíchumas.

In 2025, d'fhoilsíomar ár gCreat um Fhilleadh ar an Obair chun próiseas struchtúrtha tacúil a sholáthar do chomhghleacaithe in RAFC atá ag filleadh ar an obair tar éis saoire fhada, lena n-áirítear saoire mháithreachais, saoire thuismitheoireachta, saoire chúramóra agus saoire bhreoiteachta fhadtéarmach.

Cuirimid réimse acmhainní ar líne agus ceardlanna cóitseála ar fáil freisin chun tacú le comhghleacaithe le linn a dturas tuismitheoireachta.

Táimid ag obair ar pháipéar forlíontach maidir le Spriocanna Cothromaíochta Inscne 2030, agus é mar aidhm againn sonraí na cothromaíochta inscne sa Roinn a leagan amach tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar thionscnaimh agus ar chleachtais RAFC amhail tacaíochtaí Forbartha Daoine agus sonraí maidir le harduithe céime inmheánacha. Leagfar amach sa pháipéar freisin spriocanna fadtéarmacha cothromaíochta inscne na Roinne a ailíníonn lenár mBeartas CÉI agus gníomhartha cothromaíochta inscne atá le déanamh chun comhionannas inscne a chur chun cinn agus an bhearna phá idir na hinscní in RAFC a dhíchur.

5.1.3 Rannpháirtíocht na mBan i dTionscnaimh Forbartha Daoine

5.1.3.1 Rannpháirtíocht na mban i gcláir oiliúna

Meántóireacht

In 2025, chláraigh 51 fostaí (51% mná agus 49% fir) mar mheantóirí do chlár meantóireachta RAFC. Cuireadh 51 meantóir i gcomhar leo; 55% mná agus 45% fir.

Cuireann an Roinn meantóireacht ó mhná go mná ar fáil freisin, rud a tugadh isteach i ndiaidh thuarascáil na Roinne maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní in 2022. Cruthaíodh 20 péire meantóireachta piaraí do mhná san iomlán i mbliana.

Léaráid: Rannpháirtíocht i gcúrsaí bainistíochta agus ceannaireachta OneLearning de réir inscne in 2025



Female	Mná
Male	Fir
Mentees	Meantaithe
Mentors	Meántóirí

Cúrsaí Ceannaireachta agus Bainistíochta OneLearning

In 2025, ghlac 49 fostaí páirt i gcúrsaí ceannaireachta agus bainistíochta OneLearning, ar thopaicí amhail Athléimneacht Eagraíochtúla a Threorú, Ceannaireacht Bharántúil Ionchuimsitheach, Iompraíochtaí Cóitseála, agus Athrú a Threorú san ionad oibre.

Léaráid: Rannpháirtíocht i gcúrsaí bainistíochta agus ceannaireachta OneLearning de réir inscne in 2025



Female	Mná
Male	Fir
Management	Bainistíocht
Leadership	Ceannaireacht

In 2026 leanfaimid dár ngníomhartha inscne a chur i gcrích atá leagtha amach sna straitéisí thuasluaite. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach le do thoil Tábla forbhreathnaithe Gníomhartha Inscne 2024-2025.

6 Aguisíní

6.1 Tábla forbhreathnaithe ar ionadaíocht inscne i ngráid riaracháin agus PTP

	Mná	Fir	Iomlán
SEC *Riarachán*	1	0	1
ASC *Riarachán*	2	5	7
PO *Riarachán*	19	23	42

PTP	3	6	9
AP			
Riarachán	81	73	154
PTP	21	22	43
AO			
Riarachán	52	64	116
PTP	4	8	12
HEO			
Riarachán	44	50	94
PTP	1	2	3
EO			
Riarachán	59	55	114
PTP	0	1	1
CO			
Riarachán	33	20	53
SVO			
Riarachán	1	3	4
Móriomlán	**321**	**332**	**653**

6.2 Tábla forbhreathnaithe Gníomhartha Inscne 2025-2026

Téama	Gníomh	Úinéir	Amlíne	Stádas
Plean Gníomhaíochta CÉI	Beartas CÉI a fhoilsiú	CÉI	2024	Curtha i gcrích
	Cainéal gutha foirne CÉI a bhunú	CÉI	R4 2024	Curtha i gcrích
	Oiliúint ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach do gach ball foirne	CÉI agus Forbairt Daoine	R1 2025	Curtha i gcrích

	Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm	Grúpa Rialachais PS	2025	Ar siúl faoi láthair
Dul chun cinn gairme	Moltaí ó na ceardlanna maidir le dul chun cinn gairme a chur i bhfeidhm.	SHR	2024 – 2025	Ar siúl faoi láthair
	Imeachtaí forbartha gairme a thabhairt isteach atá saincheaptha do mhná chun tacú leo agus iad ag dul chun cinn ina ngairmeacha beatha.	CÉI, Forbairt Daoine	2024 – 2025	Ar siúl
Anailís Sonraí	Creat a fhorbairt chun sonraí déimeagrafacha agus gnéithe gaolmhara a ghabháil i gcomhréir leis an dea-chleachtas. Athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí déimeagrafacha a gabhtar, a luaithe a bheidh siad ar fáil, chun treochtaí i ngannionadaíocht a shainaithint agus	CÉI	2025	Críochnaithe Ar siúl faoi láthair

	chun eolas a dhéanamh do ghníomh cuí			
	Úsáid a bhaint as na sonraí CÉI chun anailís níos doimhne a dhéanamh ar an mbearna phá idir na hinscní sa Roinn in 2026.	CÉI/ Oibríochtaí Daoine	2026	
Tacaíochtaí a thacaíonn le teaghlaigh	Mol tacaíochta a chur i bhfeidhm do thuismitheoirí nua, roimh, le linn agus i ndiaidh saoire mháithreachais agus atharthachta.	Forbairt Daoine	R4 2024	Curtha i gcrích
	Comhoibriú leis an Líonra Ban chun tionscnaimh a thabhairt isteach a chuirfidh tacaíocht agus feasacht ar fáil don fhoireann maidir le cothromaíocht inscne agus tacaíochtaí a thacaíonn le teaghlaigh.	CÉI/Oibríochtaí Daoine	R4 2025	Ar siúl faoi láthair

7 Rialú Doiciméad

Leagan	**1.0**
Úda(i)r	**Marta Konkel, Ciara Sobolewski, Ciarán A. Kelly, Marie Corry**
Úinéir	**Oibríochtaí agus Straitéisí Daoine, an Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha**
Faofa ag	**Stephen Carley, Ceann an Rannáin Acmhainní Daonna Straitéiseacha**
Dáta faofa	**10 Samhain 2025**
Dáta Athbhreithnithe	
Athbhreithneoir(í)	